Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5885/22**

**SOC 59**
**EMPL 37**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta<br>Ceapachán Marija MIKIĆ, comhalta malartach don Chróit, in ionad Tihomil JURICA BADER, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Tihomil JURICA BADER éirithe as mar chomhalta malartach den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Chróit).

2. Faoi Airteagal 75 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an 29 Aibreán 2004[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha, cé go bhfuil na ceapacháin bailí ar feadh tréimhse 5 bliana leis an gCinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020[2].

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO C 315, 23.9.2020, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Cróite le teacht in ionad an chomhalta mhalartaigh atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025:

Marija MIKIĆ
Comhairleoir Sinsearach – Speisialtóir sa Roinn um Ghnóthaí Eachtracha agus um Chomhar Idirnáisiúnta i Réimse Chóras na bPinsean agus na Slándála Sóisialta An Ard-Stiúrthóireacht um Chóras na bPinsean
An Aireacht Saothair, um Chóras na bPinsean, Teaghlaigh agus Beartais Shóisialta
Trg Nevenke Topalusic 1, 10000 Zagreb
Teil : + 385 I 3696 464
Facs: + 385 1 3696 468
r-phost: mariia.mikic@mrosp.hr

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach

den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[3], agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinntí uaithi an 21 Meán Fómhair 2020[4] agus an 19 Deireadh Fómhair 2021[5], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Tihomil JURICA BADER as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Cróite don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[3] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[4] IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.
[5] IO C 427 I, 22.10.2021, lch. 11.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Marija MIKIĆ ina comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Tihomil JURICA BADER, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán